


TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT 2016

Neamhspleách
Neamhchlaonta
Cuiditheach
Tiomanta do Shármhaitheas



Office of the Comptroller and Auditor General
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá	3
Eolas phríomhtháscairí feidhmíochta do 2016	4
Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí - ó 2012 go 2016	10

Réamhrá

Tá faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo faoi phríomhtháscairí feidhmíochta na bliana 2016 d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi chúig théama dhifriúla ag baint úsáide as meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla chun ár bhfeidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú. Is iad seo a leanas na téamaí

- a seachadaimid
- an tionchar a bhíonn againn
- feidhmíocht airgeadais
- baill foirne agus acmhainní
- forbairt acmhainní
- ranníocaíocht idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil freisin faisnéis bhreise agus treochtaí le déanaí ar mhaithe le comparáid.

Tá ráiteas straitéise forbartha don tréimhse 2016-2020 agus ionchur ann ó na páirtithe leasmhara. Tá an ráiteas straitéise agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara foilsithe ar ár láithreán gréasáin (www.audgen.gov.ie).

Cad a CHUIRIMID AR FÁIL

D'éirigh le hOifig an Ard-
Reachtair Cuntas agus Ciste
an méid seo a leanas a chur i
gcrích in 2016 ...



301 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais



96% de chuntais na bliana 2015 a dheimhniú laistigh de 9 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais, nuair a rinneadh iad a thomhas de réir luacha agus **60%** nuair a rinneadh iad a thomhas de réir méide (ba iad **95%** agus **70%** na spriocanna faoi seach)



tuairisc a sholáthar do Dháil Éireann ar thorthaí **23** scrúdú lena n-áirítear tuarascáil maidir le forbhreathnú ar chuntais na seirbhísí poiblí agus tuarascáil speisialta ag déileáil le gné de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí



freastalaíodh ar **18** chruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí den **22** chruinniú a reáchtáladh san iomlán



freagra a thabhairt ar **100%** de na hiarratais ón Aire Airgeadais ar chreidmheas chun cistí a eisiúint ó Phríomh-Chiste an Stáitchiste sular cuireadh tús leis an tréimhse chreidmheasa



3 ábhar a mheas a tuairiscíodh don Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

An TIONCHAR atá againn

Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas trínár n-idirghníomhú le comhlachtaí a iniúchadh in 2016, nuair a ...



rinneamar **46** mholadh i dtuarascálacha a raibh sé d'aidhm acu dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú agus ar ghlac an comhlacht a iniúchadh le **96%** acu go hiomlán nó go páirteach



d'eisíomar tuairim shoiléir iniúchóireachta i **98%** de na ráitis airgeadais ar thrácht an Coiste um Chuntais Phoiblí orthu in 2016



tharraingíomar aird sa tuarascáil iniúchóireachta ar ráitis airgeadais i thart ar **50** cás maidir le cúrsaí tábhachtacha ó thaobh cuntais na gcomhlachtaí poiblí a thuiscint



tharraingíomar aird an Oireachtais in **84** cás ar ábhair eile a measadh go raibh tábhacht ag baint leo



i gcomhfhreagras i ndiaidh iniúchóireachta tharraingíomar níos mó ná **750** ábhar anuas le lucht bainistíochta na gcomhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar ghá aird a thabhairt orthu



na n-iniúchtaí airgeadais go léir a rinneadh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta.

Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas trí chaighdeán ár gcuid oibre, i gcás ...

Ár bhfeidhmíocht AIRGEADAIS

D'éirigh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas a chur i gcrích in 2016 ...



clár iniúchóireachta agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm ar chostas iomlán **€11.2 milliún**



€6.1 milliún a aisghabháil i dtáillí iniúchóireachta



coibhéis **145** bhall foirne lánaimseartha a fhostú ar an meán ar chostas tuarastail **€8.98 milliún**

Foireann agus acmhainní

D'éirigh le hOifig an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste
an méid seo a leanas a chur i
gcrích in 2016



a chinntiú go raibh **65%** den fhoireann a shannadh chun iniúchadh airgeadais a dhéanamh ina gcuntasóirí cáilithe agus go raibh an chuid eile cáilithe go páirteach

(bíonn bainisteoirí a shanntar chuig iniúchtaí airgeadais ina gcuntasóirí cáilithe)



sannadh coibhéis **20** ball foirne lánaimseartha a bhfuil cáilíochtaí cuí acu chuig obair thuairiscithe.



cothromas inscne a chinntiú ar leibhéal an lucht bainistíochta sinsearaí nuair a bhí **53%:47%** acu baineann: fireann



tháinig méadú **7%** ar líon na gcuntas a tarmligeadh chuig bhainisteoirí sinsearacha lena ndeimhniú



ba é **1.8%** an meánráta neamhláithreachta de bharr breoiteachta



ba é **15%** an ráta maidir le hathrúchán foirne.

Forbairt acmhainní

Trí thacú le baill foirne trí oideachas agus forbairt leanúnach cinntimid go bhfuil sé ar ár gcumas an clár oibre a chur i gcrích. In 2016,



caitheadh níos mó ná **12,500** uair an chloig ar chúrsaí oiliúna, staidéir ghairmiúla agus oiliúint iarchéime rud ab ionann agus **5%** den am a bhí ar fáil



caitheadh níos mó ná **€120,000** ag tacú le staidéir iarchéime agus staidéir ghairmiúla agus ar tháillí comhaltais ghairmiúil



Bhí **41** bhall foirne i mbun staidéar cuntasáochta gairmiúil nó staidéar iarchéime



Ceapadh **5** ball foirne ina mbail cáilithe de chomhlachtaí cuntasáochta gairmiúla.

Ár ranníocaíocht IDIRNÁISIÚNTA

Ós muidne an t-iniúchóir náisiúnta san earnáil phoiblí in Éirinn, tacaímid le hoibleagáidí idirnáisiúnta ...



trínár mballraíocht ar bhoird mhaoirseachta **3** chomhlacht mhóra idirnáisiúnta - boird iniúchóireachta an Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa agus coiste maoirseachta OLAF (Gníomhaireacht Frith-Chalaoise AE).



trí shaineolaithe a thabhairt ar iasacht chun iniúchtaí a dhéanamh ar **3** chomhlacht idirnáisiúnta - Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin, an Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa



rannpháirtíocht i bhfórais idirnáisiúnta a roghnaíodh le haghaidh iniúchadh poiblí san Eoraip agus ar fud an domhain



óstáil thoscaireachtaí idirnáisiúnta agus cuairteanna staidéir - in 2016, rinneamar óstáil ar **4** chuairt shubstainteacha oibre ag contrapháirtithe ó oifigí iniúchóireachta náisiúnta agus poiblí.

Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí - 2012 go 2016

Tá faisnéis sna codanna seo a leanas faoi sheachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais.

Cur i bhfeidhm Cláir

Líon na gcuntas faoi réir iniúcháireachta

Tá na cuntais atá le iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha síos san dlí. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sa tábla na cuntais do gach ceann de na cúig bliana airgeadais roimhe seo mar aon cuntais na bliana 2016 atá le hiniúchadh - tá na hiniúchtaí le críochnú an bhliain dar gcionn.

Tá laghdú tagtha ar líon na gcuntas a gcaithfear a iniúchadh de bharr an chláir cuíchóirithe chun atheagrú, athchóiriú agus laghdú a dhéanamh ar líon na ngníomhaireachtaí. Beidh 290 cuntas ann lena n-iniúchadh in 2017 don bhliain airgeadais 2016.

Tá méadú tagtha le himeacht amach ar na hacmhainní is gá chun an clár a chur i gcrích toisc go bhfuil an creat iniúcháireachta tar éis éirí níos déine.

Tréimhse cuntasáochta dár chríoch

	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Cuntais Vóta	42	39	39	40	39	40
Cistí Roinne	35	33	29	30	29	29
Éintitis airgeadais	24	21	27	25	26	26
Aonáin sláinte	28	27	27	28	29	28
Comhlachtaí Thuaidh Theas	7	7	7	7	7	7
Oideachas Tríú Leibhéal	26	26	26	26	26	26
Boird Oideachais agus Oiliúna ^a	33	33	33	16	16	16
Aonáin oideachais eile	9	8	7	5	5	6
Comhlachtaí Státturraithe	94	91	92	94	87	86
Fochuideachtaí Comhlachtaí Stáit	31	31	29	28	28	26
Boird Fiontar Contae ^b	35	35	-	35	-	-
	364	351	316	334	292	290

Nóta a Cónascadh Coistí Gairmoideachais (a bhí ann go dtí Meitheamh 2013) chun Boird Oideachais agus Oiliúna a dhéanamh díobh.

b Bhain cuntais deiridh na mbord le tréimhse 16 mhí dar críoch mí Aibreáin 2014.

Iniúchtaí a críochnaíodh


Rud bunúsach maidir lena chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann maidir le húsáid cistí poiblí is ea ráitis airgeadais na gcomhlachtaí poiblí a iniúchadh agus na ráitis airgeadais sin a chur faoi bhráid an Oireachtais.

Léirítear sa ghraf líon na n-iniúchtaí a rinneadh gach bliain.

I gcás 40 gcuntas leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile, is ar an roinn ábhartha rialtais nó comhlacht ábhartha atá an fhreagracht as na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Oireachtais nó a fhoilsiú.

Iniúchtaí a críochnaíodh i rith na bliana



Tráthúlacht deimhniúcháin Iniúchta

Cuntais deimhnithe

Leagtar amach príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúchta in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe gach bliain. Déantar iad sin a thomhas trí thagairt do luach láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.


Is é naoi mí tar éis dheireadh na bliana airgeadais an príomhdháta tagartha mar gheall ar an riachtanas reachtúil go mbeadh iniúchadh críochnaithe ar chuntais an rialtais láir faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Leagadh síos an sprioc le blianta beaga anuas maidir le 95% díobh a chríochnú de réir luacha agus 70% díobh de réir méide.

Chun tráthúlacht iniúchta foriomlán a chur chun cinn, tugadh tús áite do chuntais shuntasacha a dhearbhu níos luaithe. Léirítear é seo sa mhéadú atá tagtha ar thráthúlacht ó thaobh deimhniú na gcuntas (de réir luacha) go 6 mhí tar éis dheireadh na bliana. Tá sé seo tar éis méadú ó 14% don bhliain airgeadais 2011 go 71% don bhliain airgeadais 2015.


Cuntais neamhdheimhnithe

Léirítear sa ghraf líon na n-iniúchtaí atá fágtha le críochnú fós (riaráistí) ag deireadh gach bliana. Tá sé sin tar éis titim go suntasach ón mbliain 2014 i leith. D'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil (Tuarascáil Speisialta Uimh. 95) ina leagtar amach na comhlachtaí ina raibh moilleanna maidir le


Cuntais deimhnithe - de réir luacha



Iniúchtaí deimhnithe - de réir lín



Riaráistí ag deireadh na bliana



Tuairiscí a gcuirtear ar fáil

Seolann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste tuairiscí chuig Dáil Éireann i gcomhréir leis an dlí maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Bíonn cuid mhór d'obair an Choiste um Chuntais Phoiblí bunaithe ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cinneann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na topaicí atá le tuairisciú bunaithe ar roinnt critéar lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ó thaobh feabhsuithe i riarachán poiblí agus an gá atá le cuntasacht poiblí.

Leagtar síos sprioc maidir le líon na dtuairiscí atá le foilsiú in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe gach bliain. Leagadh síos foilsiú 25 thuarascáil mar sprioc le blianta beaga anuas.

Ceapadh sprioc i ráiteas straitéise na hOifige 2016 - 2020 maidir le cur le líon na dtuarascálacha speisialta agus tras-earnála.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Éilítear i scéim na hOifige a foilsíodh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go bhfoilseofar cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais a bhfuil iniúchadh déanta orthu agus an Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí go comhuaineach i mBéarla agus i nGaeilge.

Foilsíodh na leaganacha Gaeilge de na cuntais leithreasa idir seachtain amháin agus dhá sheachtain i ndiaidh an leagain Bhéarla in 2016. Foilsíodh Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí as Gaeilge ceithre seachtaine i ndiaidh fhoilsiú an leagain Bhéarla. Ní féidir na haistriúcháin Ghaeilge a chríochnú go dtí go mbíonn gach athrú déanach déanta ar an leagan Béarla.

Líon na dtuarascálacha eisithe



Tionchar ár gcuid oibre a thomhas

Torthaí na n-iniúchtaí airgeadais

Díríonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar dhá phríomchúram le linn iniúchadh na ráiteas airgeadais

- *cruinneas agus iomláine* na ráiteas airgeadais,
- *rialtacht agus cuibheas* na n-idirbheart a taifeadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, a thuairiscítear ar bhonn 'eisceachta'.

Tuairim iniúcháireachta cháilithe

Tugadh tuairim cháilithe do chúig thacar de ráitis airgeadais (2% de líon iomlán na gcuntas) a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2016. Ba iad seo a leanas na cúiseanna: shaincheistean maidir le haitheantas do mhaoiniú pinsin iarchurtha; neamhchomhdhlúthú ábhar cistí iontaobhais atá á rialú ag ollscoil; taifid neamhleora chuntasaíochta; agus neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta maidir le cur i láthair na méideanna comhfhreagracha don bhliain roimhe.


Béim ar ábhar

Féadfar aird a tharraingt i deimhniú iniúchta, nuair is iomchuí, ar ábhar a bhfuil tábhacht ag baint leis do léitheoirí maidir le tuiscint na ráiteas airgeadais. Cuireadh tuarascáil iniúchta ar fáil i thart ar 50 tacar de na ráitis airgeadais a fuarthas a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2016. Bhain na hábhair le modh cuntasaíochta pinsean (32); cúrsaí cuntasaíochta i gcás fondúireachtaí nó iontaobhais ollscoile (8); cuntasaíocht ar bhonn gnó leantaigh in Institiúidí Teicneolaíochta (7) agus dhá chás eile.

Nithe suntasacha eile

Tuairiscíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste trí eisceacht sna cásanna ina n-aithníonn sé idirbhearta neamhrialta ábhartha (m.sh. airgead poiblí nár cuireadh chun feidhme chun na gcríoch a bhí beartaithe) nó i gcás nach léirítear as ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais an chaoi ar chloígh an comhlacht a ndearnadh iniúcháireacht air leis na socruithe rialachais atá leagtha amach ina chód um chleachtas rialachais. Áirítear leis sin cásanna ina raibh cúrsaí ábhartha a bhain leis an mbealach ar cuireadh gnó poiblí i gcrích. Bhí 84 chás den sórt sin sna tuarascálacha faoi iniúchtaí a rinneadh ar chuntais agus ar thrácht an Coiste um Chuntais Phoiblí orthu in 2016.

Nithe suntasacha eile a luadh i dtuarascálacha



Nóta

Neamhchomhlíonadh maidir le soláthar - bíonn an cás 'ábhartha' má dhéantar luach €500,000 nó níos mó a sholáthar in aon tréimhse chuntais amháin, is cuma cén leibhéal soláthair atá ag an comhlacht lena mbaineann.

Áirítear le caiteachas neamh-éifeachtach caillteanas ábhartha, caiteachas nach raibh cuspóir soiléir ag baint leis, nó íocaíochtaí nach bhfuarthas aon luach uathu (m.sh. léasanna dochraideacha ar réadmhaoin; nó caillteanas mar gheall ar chalaíocht) (€100,000 nó níos mó de ghnáth).


Ábhair a tarraingíodh anuas le lucht bainistíochta

Chomh maith le tuarascálacha foilsithe, cuireann iniúchadh le luach trí chomhfhreagras i ndiaidh iniúcháireachta a chur ar fáil a bhfuil sé d'aidhm aige cabhrú le comhlachtaí feabhas a chur ar a rialú agus ar a mbainistiú inmheánacha trí insint dóibh faoi na rudaí a fuarthas amach, moltaí a dhéanamh agus deiseanna feabhsúcháin a chur ar na súile dóibh.

Léirítear sa chairt na cineálacha ceisteanna a tarraingíodh anuas le comhlachtaí maidir leis na cuntais a deimhníodh in 2016 agus in 2015 faoi seach. Tríd is tríd baineann na hábhair dá dtagraítear sa chomhfhreagras le heasnamh i nósanna imeachta a d'fhéadfadh eagraíochtaí fhágáil i mbaol cailleanais mura dtabharfaí aghaidh orthu, tuairisciú airgeadais a bhí míchruinn, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta iomchuí nó rialacha rialachais le haghaidh an tseirbhís phoiblí.

Bhí méadú suntasach ar líon na saincheisteanna cuntasaíochta a tarraingíodh anuas in 2016 maidir le cuntais deimhnithe. Tharla sé sin ag an am céanna is ar tugadh isteach creat nua airgeadais (FRS102) le haghaidh comhlachtaí stáit agus réamhnósanna imeachta nua a thug an Oifig isteach maidir le cáilíocht na cuntais a bhí le cur isteach lena n-iniúchadh.

Líon na saincheisteanna a tarraingíodh anuas le lucht bainistíochta - cuntais a deimhníodh in 2016



Athrú sa chreat um thuairisciú airgeadas

Déantar timpeall 180 chuntas airgeadais de chuid na gcomhlachtaí rialtais láir a ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu a ullmhú de réir na bprionsabal cuntasáochta a nglactar go ginearálta leo.

Athraíodh an creat tuairiscithe airgeadais don bhliain airgeadais 2015, rud a raibh tionchar aige ar an gclár iniúchta do 2016. D'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais creat nua - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 mar an caighdeán tuairiscithe airgeadais a mbeidh feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann le haghaidh cuntais fabhráithe ilfheidhme.

Chuir an Oifig roinnt beart i bhfeidhm chun cuidiú le comhlachtaí an creat nua a chur i bhfeidhm lena n-áirítear

- cuidiú le comhlachtaí agus iad ag ullmhú don athrú trí rannpháirtíocht luath, ullmhú ráiteas airgeadais samplacha, ábhar teorach a fhoilsiú agus seimineár teagaisc a óstáil d'oifigigh airgeadais sna gcomhlachtaí sin mar aon le
- modhanna oiliúna agus réiteach fadhbanna chun déileáil le haon cheisteanna teicniúla sonracha.

Bhí beagnach gach comhlachtaí cuí tar éis aistriú go rathúil chuig an gcóras FRS102 faoi dheireadh 2016. Bhí seacht gcomhlacht fós ag aistriú chuig FRS102 ag an am sin.

Tionchar mholtaí na tuarascála

Bíonn moltaí sonracha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta a ndearnadh iniúchadh air le fáil sna tuarascálacha.

Tríd is tríd ghlac na comhlachtaí a iniúchadh leis ina moltaí a rinneadh.

	2012	2013	2014	2015	2016
Líon na moltaí a foilsíodh	70	48	68	63	46
Glactha ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu	61%	90%	88%	92%	83%
Glactha go páirteach ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu	33%	10%	3%	5%	13%

Feidhmíocht airgeadais

Tugtar achoimre sa tábla ar na príomhshonraí airgeadais agus foirne le 5 bliana anuas.

Déantar an Oifig a mhaoiniú sa chaoi chéanna is a mhaoinítear ranna rialtais trí phróiseas na meastachán bliantúil trína bhfaomhann Dáil Éireann meastacháin fáltas agus caiteachais gach bliain agus trína dtugtar éifeacht reachtúil do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Tá ar gach roinn agus oifig cuntas, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, a ullmhú ag deireadh na bliana airgeadais, ina dtuairiscítear toradh na bliana i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí arna gceapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Is ionann costais phárolla agus níos mó ná 80% de chostas bliantúil na hOifige. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn rátaí pá. Gearrtar táillí iniúchóireachta ar iniúchtaí airgeadais áirithe nuair a dheimhnítear an cuntas.

Cuirtear iniúchtaí airgeadais roghnaithe amach ar conradh. San áireamh i gcostais eile tá costais oiliúna agus forbartha, táillí comhaltas ghairmiúil, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, cóiríocht, costais dlí agus obair chomhairliúcháin ina bhfostaítear saineolaithe chun tacú le hobair tuairiscithe.

	2012	2013	2014	2015	2016
<i>Costais airgeadais</i>	€000	€000	€000	€000	€000
Costas iomlán oibriúcháin ^a	10,350	10,533	10,513	11,606	11,165
<i>a bhí comhdhéanta de</i>					
<i>Costais foirne^{a b}</i>	8,591	8,634	8,650	9,334	8,974
<i>Costais Taistil</i>	444	439	415	452	517
<i>Iniúchtaí ar chonradh</i>	407	397	407	416	497
<i>Costais eile</i>	908	1,063	1,041	1,404	1,177
Táillí iniúchóireachta a bailíodh	5,327	4,772	5,269	5,589	6,112
Glanchoistas an Stáitchiste	5,023	5,761	5,244	6,017	5,053

Foinse: Sleachta ó chuntais leithreasa iniúchta de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Foilsíonn an Oifig cuntas fabhráithe iniúchta gach bliain atá ar fáil ar www.audgen.gov.ie

- Nóta a Tabhair faoi deara go léirítear costais foirne glan ar fháltais ó asbhaintí tuarastail a bhaineann le pinsin agus a gcoinnítear mar leithreasí i gcabhair.
- b Áirítear leis na costais foirne do 2015 27 thréimhse pá don chuid is mó den foireann (53 thréimhse pá i gcás na mball foirne a íoctar in aghaidh na seachtaine). I mblianta eile, bhíodh 26 thréimhse pá (52 thréimhse pá i gcás na mball foirne a íoctar in aghaidh na seachtaine).

Foireann

Leibhéil foirne

Léirítear sa tábla meánlíon na foirne atá fostaithe gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (CLA). Is iondúil go mbíonn difríocht idir an uimhir údaráithe agus an meán fostaithe a bhíonn ann i ndáiríre gach bliain mar gheall ar an mhoill idir an dáta a imíonn baill foirne agus cur i gcrích na bpróiseas earcaíochta. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a reáchtálann an feachtas bliantúil um earcú céimithe don Oifig.

Léirítear athrúchán foirne mar líon uile na mball foirne a d'imigh i rith na bliana mar chion den meánlíon fostaithe.

Seirbhísí ar conradh


Faightear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a líonadh a tharlaíonn nuair a imíonn ball buan foirne.

Cuireann an Oifig iniúchtaí airgeadais roghnaithe amach ar conradh mar bhealach chun cuid den bhuaicéileamh iniúchta a shásamh agus éascú a dhéanamh ar dheimhniú na ráiteas airgeadais go tráthúil. Tá comhaontú déanta le ceardchumainn na foirne obair iniúchóireachta suas go dtí 6 chóibhéis lánaimsire ar an meán a ligean amach ar conradh in aghaidh na bliana. Faightear gnólachtaí ar phraghas iomaíoch chun tabhairt faoin obair sin.

	2012	2013	2014	2015	2016
<i>Líon na mBall Foirne</i>	<i>CLA</i>	<i>CLA</i>	<i>CLA</i>	<i>CLA</i>	<i>CLA</i>
Meánlíon fostaithe	138	146	143	145	145
Líon uasta na mball foirne údaráithe	150	150	150	164	164
<i>Mar % de líon iomlán foirne</i>	<i>92%</i>	<i>97%</i>	<i>95%</i>	<i>88%</i>	<i>88%</i>
Ráta láimhdeachais foirne	6%	4%	12%	14%	15%

Coibhéis líon na mball foirne i gcomparáid le líon na ndaoine eile atá fostaithe

Baill foirne ar conradh	5	6	4	7	8
Iniúchtaí ar chonradh	7	7	7	7	6



Cumas a thógáil

Foghlaim agus Forbairt


Is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí go léir a dhéanann iniúchtaí airgeadais agus is cuntasóirí cáilithe agus daoine faoi oiliúint a bhíonn ar na foirne iniúchta.

Tá na beartais agus na nósanna imeachta i leith pearsanra leagtha amach lena chinntiú go mbeidh dóthain baill foirne ag an Oifig a bhfuil na cumais, an inniúlacht agus an dúthracht i leith phrionsabail eiticiúla acu atá riachtanach chun scrúduithe agus iniúchtaí a dhéanamh de réir caighdeán gairmiúil.

Cuirtear tacaíocht airgeadais i leith cúrsaí agus scrúduithe ar fáil do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí cuntasáochta gairmiúla.

Lena chois sin, tá an fhoireann chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha le linn dóibh fós a bheith ag obair. Tá na sonraí faoi sin leagtha amach sa ghráf.

Am curtha ar fáil le haghaidh foghlaim agus forbairt



Cur i bhfeidhm na Straitéise

Forbraíodh an ráiteas straitéise 2016 - 2020 tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara. Bunaíodh ceithre fhóram chomhairleacha chun gníomhartha a fhorbairt agus chun rannpháirtíocht láidir agus cumarsáid leis an bhfoireann a chinntiú i cur i bhfeidhm na straitéise. Is iad seo a leanas na réimsí a bhí clúdaithe ag na fóraim

- Dea-bhail na foirne
- Forbairt foirne
- Gnó inmheánach a fheabhsú
- Insint do chomhlachtaí a ndearnadh iniúchtaí orthu faoi dea-chleachtas.

Tá Leas-Stiúrthóir mar chathaoirleach ar gach fóram agus tá baill foirne ó gach cuid den Oifig ann.

Lena chois sin, bunaíodh an dá aonad nua chun roinnt beart a chur i bhfeidhm faoin straitéis

- An tAonad feabhsúcháin gnó - chun bearta éifeachtúlachta a fheabhsú i gcás iniúchtaí agus chun uirlisí dea-chleachtas oibre a fhorbairt
- An t-aonad um dea-chleachtas - teoracha maidir le dea-chleachtais a fhorbairt agus urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí dea-chleachtais le haghaidh comhlachtaí a ndearnadh iniúchtaí orthu.

Éagsúlacht

Feidhmíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi chreat bheartas na státseirbhíse Dínit ag an Obair, 2015.

Déantar ionadaíocht ar thart ar 10 náisiúntacht san lucht saothair. Tá ráiteas faoi éagsúlacht a fhoilseofar á fhorbairt ag an Oifig faoi láthair.

Slándáil Faisnéise

Deimhníodh go bhfuil caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001 bainte amach ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ó thaobh bainistíocht slándála faisnéise ó 2008 i leith.

Tá freagracht iomlán maidir le slándáil faisnéise ar an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta, agus tá Fóram Slándála ann a bhfuil freagracht orthu as forbairt, cur chun cinn agus bainistiú leanúnach a dhéanamh ar gach gné de shlándáil san Oifig, agus as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú deimhniúchán ISO 27001.

Rinneadh nuashonrú ar raon feidhme an deimhnithe mar léiriú ar an chaoi ar bhog an Oifig go suíomh oibríochtúil amháin ar Shráid an Mhéara Uachtarach agus ar an chaoi a n-ionchorpraíonn sí slándáil na gcóras ríomhaireachta, bunachair sonraí, eolas agus nósanna imeachta um láimhseáil faisnéise atá i bhfeidhm san áitreabh sin agus san ionad sonraí lasmuigh den láthair.

Tugann cur i bhfeidhm an chaighdeáin cur chuige eagraithe don Oifig maidir le bainistiú agus daingniú faisnéise faoi rún a bhaineann le cúrsaí gnó agus cúrsaí cliant.